Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**8979/22**

**COH 39**
**SOC 260**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cé mar is féidir linn forbairt atá ailínithe le cuspóirí coiteanna a bhaint amach agus, ag an am céanna, comhtháthú níos fearr a cheadú do na réitigh atá forbartha ag na gníomhaithe áitiúla chun iad a bhaint amach?<br>= Malartú tuairimí |

Ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta maidir leis an mbeartas comhtháthaithe an 2 Meitheamh, iarrfar ar na hairí atá freagrach as an mbeartas comhtháthaithe tuairimí a mhalartú maidir le "Cé mar is féidir linn forbairt atá ailínithe le cuspóirí coiteanna a bhaint amach agus, ag an am céanna, comhtháthú níos fearr a cheadú do na réitigh atá forbartha ag na gníomhaithe áitiúla chun iad a bhaint amach?", ar bhonn dhoiciméad na hUachtaránachta, a leagtar amach san Iarscríbhinn, a ghabhann leis an nóta seo.

**Iarscríbhinn**

**An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (Comhtháthú), an 2 Meitheamh 2022**

**Nóta plé**

Ní raibh mana an Aontais Eorpaigh – 'aontaithe san éagsúlacht' – chomh tráthúil riamh is atá sé i láthair na huaire. I bhfianaise gach a bhfuil ag tarlú ar thairseach an Aontais, meabhraítear dúinn anois níos mó ná riamh chomh mór agus atá an tsíocháin ar cheann de chroíchuspóirí bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Nuair a thugtar aitheantas don saibhreas cultúrtha agus teanga atá san Aontas, tugtar aitheantas freisin d'éagsúlacht na réigiún, do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.
I bhfianaise na mórathruithe aeráide, digiteacha agus sóisialta atá ag luí go trom orainn anois, is iad na gnéithe éagsúla céanna sin a bhaineann lenár n-oidhreacht chomhchoiteann mar aon lena bhforbairt chomhchuí chothromúil a neartaíonn sin i dteannta a chéile.

Ó bunaíodh é, chuir an beartas Eorpach comhtháthaithe bonn ar fáil ar a bhféadfaí conairí coiteanna a thógáil don fhorbairt agus don fhás ar mhaithe le níos mó deiseanna a lorg don fhorbairt inbhuanaithe, an baol teannais i ngeall ar dhifríochtaí rómhóra a laghdú agus caighdeán an tsaoil ag gach Eorpach a fheabhsú.

Leis an Tuarascáil is déanaí ar an gComhtháthú, dearbhaítear go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh sa chóineasú idir na Ballstáit agus na réigiúin agus go bhfuil feabhas tagtha ar leibhéal na forbartha san Aontas.
Mar sin féin, sainaithnítear sa Tuarascáil chéanna dúshláin agus rioscaí nua don chomhtháthú, ar dúshláin agus rioscaí iad nach mór a ghleic anois, bunaithe ar straitéisí agus cuspóirí a shaineofar go comhpháirteach, go háirithe ar mhaithe le freagairtí inbhuanaithe a mholadh maidir leis an méid a leanas:

- an dícheangal atá déanta ag réigiún áirithe (réigiúin tuaithe, na réigiúin is forimeallaí, réigiún lena mbaineann aistriú tionsclaíoch) agus pobal na réigiún sin mar go mbraitheann siad gur ar an trá fholamh a fágadh iad, ligthe i ndearmad ag na príomhfhorbairtí eacnamaíocha agus sóisialta, rudaí a thugann cothú do thíreolaíoch na míshástachta;

- na deacrachtaí atá ag réigiúin go leor, ar réigiúin iad a bhfuil ráta na forbartha iontu ina chónaí nó ar meath fiú, d'ainneoin an chúnaimh a fhaigheann siad, i gcomparáid leis an meán Eorpach agus a bhfuil sé ag dul rite orthu iad féin a chur ar chosán an fháis inbhuanaithe. Tá gaistí forbraíochta den chineál sin le fáil i ngach limistéar geografach de chuid an Aontais agus ar gach leibhéal forbartha.

De bharr na dtorthaí sin, ní mór dúinn ceist a chur i dtaobh an mhéid seo freisin:

- don tréimhse ó 2027 amach, bailíocht na modhanna a úsáideadh le trí ghlúin anuas sna gcláir a d'fhéach le conairí forbartha na réigiún sin a threorú; agus
- mar is féidir tosaíochtaí an bheartais chomhtháthaithe a oiriúnú chun gur féidir leis na réigiúin a riachtanais féin a léiriú agus a n-acmhainneachtaí forbartha inginiúla san áireamh, ar acmhainneachtaí iad nach bhfuil agus nach mbíonn mar a chéile ar fud an Aontais.

Ar bhonn na dtorthaí sin, dá bhrí sin, tíolacann an Uachtaránacht an cheist seo a leanas lena plé:

**An bhfuil againn athbhreithniú ar dhéanamh ar an modh?**

Leagtar amach treoir choiteann Eorpach do gach réigiún i mbeartas réigiúnach na hEorpa, beag beann ar a saintréithe. Mar sin féin, aithnítear den chuid is mó gurb iad na gníomhaithe áitiúla is fearr a aithníonn na riachtanais a bhíonn ag an réigiún agus nach mar an chéile aon dá chás, rud a fhágann nach ionann réiteach amháin do chách.

Cé mar is féidir linn forbairt atá ailínithe le cuspóirí coiteanna a bhaint amach agus, ag an am céanna, níos mó difreála a cheadú chun túsphointí ilchineálacha a chur san áireamh?

Cé mar is féidir linn cur chun feidhme an bheartais a shimpliú ach úinéireacht na ngníomhaithe áitiúla agus prionsabal na comhpháirtíochta a choimeád ag an am céanna ionas go mbeifear in ann conairí difreáilte a chur chun cinn a bheadh ag teacht le chéile chun treoirlínte straitéiseacha Eorpacha leathana a bhaint amach?